Gaeilge líofa ⇔ Fluent Irish

céim ar chéim step by step

Teastas Eorpach na Gaeilge
Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann Má Nuad
Má Nuad
Co. Chill Dara
Éire

Guthán:
(01) 708 3737
Rphost:
teanga@nuim.ie
Idirlíon:
www.teg.ie

IONAD NA DTEANGACHA
Language Centre

OLLSCOIL NA hÉIREANN MÁ NUAD
NUI Maynooth

TEG: An Teastas Eorpach sa Ghaeilge

Tá beagnach 3,000 foghlaimeoir fásta Gaeilge tar éis cáilíocht TEG a fháil ó cuireadh an córas ar bun in 2006. Is éard atá i gceist le TEG ná córas scrúduithe inniúlachta a léiríonn go soiléir d'fhoghlaimeoirí cén leibhéal teanga atá acu agus a thugann deis dóibh dul chun cinn a dhéanamh dá réir. Déantar na ceithre scil teanga a thástáil sna scrúduithe: labhairt, scríbhneoireacht, léamhthuiscint agus cluastuiscint.

Siollabas/Scrúdú	
A1	**Bonnleibhéal 1**
A2	**Bonnleibhéal 2**
B1	**Meánleibhéal 1**
B2	**Meánleibhéal 2**
C1	**Ardleibhéal 1**
C2	**Ardleibhéal 2**

Tá siollabais, ábhar teagaisc agus páipéir scrúdaithe shamplacha ag leibhéal A1, A2, B1, B2 agus C1 ar fáil ar an suíomh idirlín www.teg.ie.

Nua! Déan an scrúdú cainte ag leibhéal ar bith chun páirtchreidiúint a fháil.

TEG agus an bhunmhúinteoireacht

Is bunús iontach é TEG B2 d'úsáid na Gaeilge ar bhonn gairmiúil agus pearsanta. Tá sé aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna mar rogha eile in ionad Ghaeilge na hArdteistiméireachta mar riachtanas iontrála do chúrsaí oiliúna do mhúinteoirí bunscoile sna coláistí oideachais uile.

Má tá suim agat cur isteach ar chúrsa oiliúna do mhúinteoirí ach mura bhfuil na torthaí riachtanacha Ardteistiméireachta sa Ghaeilge agat, faigh amach conas is féidir le TEG cabhrú leat ullmhú do do ghairm bheatha trí chuairt a thabhairt ar ár suíomh idirlín nó trí theagmháil a dhéanamh linn ag teanga@nuim.ie. Tá cúrsaí ullmhúcháin ag tosú timpeall na tíre anois agus reáchtáilfear scrúduithe in ionaid in Éirinn agus thar lear in Earrach/Samhradh 2014.

Má tá tú ag múineadh cheana féin agus ag iarraidh barr feabhais a chur ar do chuid Gaeilge, déanfaidh TEG do chuid scileanna teanga a fhorbairt ar bhealach struchtúrtha, feiceálach, agus cuirfear le do CV le cáilíocht a léiríonn fíorscileanna teanga.

Faigh tuilleadh eolais ar www.teg.ie nó glaoigh orainn ar (01) 708 3737.

Nua! Ábhar teagaisc uasdátaithe ar fáil do leibhéal A1

"...chuaigh na dearthóirí i mbun oibre le hábhar teagaisc ábhartha spreagúil a chur le chéile atá oiriúnach do na foghlaimeoirí ilchineálacha a bhíonn ag staidéar ag an leibhéal seo..."

Cuireann Ionad na dTeangacha OÉ Má Nuad raon leathan ábhar teagaisc samplach ar fáil mar thacaíocht do mhúinteoirí atá ag ullmhú foghlaimeoirí do scrúduithe TEG. Don bhliain acadúil 2013 – 2014, i gcomhar le hAonad na Gaeilge Ollscoil Luimnigh, táimid tar éis ábhar teagaisc TEG a athnuachan le hábhar nua a chuimsíonn gníomhaíochtaí teanga leagtha amach de réir leibhéal deacrachta, uirlisí féin-mheasúnaithe d'fhoghlaimeoirí agus áiseanna saor in aisce do mhúinteoirí (léirithe *MS Powerpoint*™ ina measc), an bhéim ar chomhthéacsanna réalaíocha d'fhoghlaim na Gaeilge san ábhar uile.

Bhí Aisling Ní Bheacháin ó Ionad na dTeangacha ag obair ar an togra:

> "Tar éis aischothú a fháil ó mhúinteoirí agus ó fhoghlaimeoirí a bhíonn ag plé leis an leibhéal seo, chuaigh na dearthóirí i mbun oibre le hábhar teagaisc ábhartha spreagúil a chur le chéile atá oiriúnach do na foghlaimeoirí ilchineálacha a bhíonn ag staidéar ag an leibhéal seo, idir Éireannaigh agus eachtrannaigh. Táimid fíorbhuíoch d'Aonad na Gaeilge in Ollscoil Luimnigh a chuir an maoiniú ar fáil don tionscnamh seo. Tá súil againn go mbainfidh foghlaimeoirí agus múinteoirí araon taitneamh agus tairbhe as na hacmhainní nua seo agus beimid ag súil lena dtuairimí a fháil."

Cuireann Ollscoil na hÉireann Má Nuad ranganna ar fáil do ghlantosaitheoirí agus do na leibhéil eile ar fad le linn na bliana acadúla agus tá cúrsaí ag tosú in ionaid eile timpeall na tíre anois.

TEG san ionad oibre

Anois agus béim níos mó ar sheirbhísí dátheangacha a sholáthar san earnáil phoiblí, tá roinnt eagraíochtaí de chuid na hearnála ag baint cáilíochtaí Gaeilge amach le TEG. Tá údaráis áitiúla, eagraíochta deonacha agus rialtais ag baint úsáide as TEG le seirbhísí Gaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal.

Tá tuilleadh eolais d'fhostóirí ar fáil ag www.teg.ie

Rinne Eimear Ní Cheallaigh, Oiliúnóir Gaeilge i gColáiste Oiliúna na nGardaí cur síos ar bhuntáistí TEG don eagraíocht:

> "Bhí sé mar aidhm riamh ag an Garda Síochána an Ghaeilge a chur chun cinn san eagraíocht. Tá an Garda Síochána níos tiomanta fós don teanga le cúpla bliain anuas agus tús curtha lenár gClár Inseirbhíse Gaeilge i nGaillimh, Ciarraí agus Dún na nGall. Tugann TEG sprioc chinnte do na foghlaimeoirí agus don mhúinteoir chomh maith. Is córas aitheanta agus neamhspleách é do na Gardaí. Tá an t-ábhar ar fad le fáil ar líne go héasca agus leagan amach maith air."

Baill de chuid an Gharda Síochána ar bronnadh teastais TEG orthu i 2013

Cáilíochtaí Gaeilge céim ar chéim le TEG

- Cuireann cáilíochtaí TEG deiseanna ar fáil i réimsí an oideachais agus sa tseirbhís phoiblí
- Is é an taithí atá ag foghlaimeoirí ná go spreagtar iad go mór nuair a thugann siad faoi cháilíocht TEG
- Aithníonn fostóirí ar fud an domhain cáilíochtaí TEG mar chuid den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha agus tá siad faofa ag ALTE (*Association of Language Testers in Europe*)
- Foghlaim trí chóras céimithe ag luas a oireann duit féin
- Tá ábhar an chúrsa dírithe ar dhaoine fásta
- I siollabas TEG, déantar na ceithre phríomhscil teanga a fhorbairt: labhairt, cluastuiscint, léamhuiscint agus scríbhneoireacht
- Cuireann TEG acmhainní cuimsitheacha teagaisc ar fáil saor in aisce
- Tá fáil ar TEG ar fud an domhain agus tá ionaid scrúdaithe in Éirinn, sna Stáit Aontaithe, i bPoblacht na Seice, sa Fhrainc agus i gCeanada
- Bronnadh An Séala Eorpach Teanga ar TEG mar aitheantas ar ardchaighdeán agus ar cheannródaíocht i múineadh agus i dtástáil teanga

TEG sa luath-oideachas

Is é FNT an eagraíocht is mó a chuireann seirbhísí oideachais agus cúraim ar fáil trí mheán na Gaeilge do pháistí réamhscoile, agus a thacaíonn do bhunú, d'fhorbairt agus do riarachán naíolann, naíonraí, seirbhísí iarscoile, campaí samhraidh agus grúpaí tuismitheoirí/caomhnóirí agus páistí beaga trí Ghaeilge.

Ní mór do stiúrthóirí naíonra ar fud na tíre TEG B2 a bhaint amach de réir an bheartais tumoideachais atá ag FNT, le cinntiú go mbeidh na caighdeáin is airde á soláthar san earnáil.

Tá Laura Rawdon, Oifigeach Forbartha FNT, tar éis ceannaireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chláir atá le leathnú amach sna blianta atá romhainn:

> "Is é an luath-thumadh iomlán atá i bhfeidhm sna naíonraí. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil oiread agus focal amháin in aon teanga nach í an Ghaeilge í le cloisteáil ann. Caithfidh lucht na naíonraí a bheith muiníneach agus compordach Gaeilge a labhairt agus a úsáid gach lá.
>
> Is deis iontach í seo do stiúrthóirí naíonra cáilíocht oifigiúil a bhaint amach agus iad ag cur seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil do thuismitheoirí agus leanaí an cheantair."

"Is deis iontach í seo do stiúrthóirí naíonra cáilíocht oifigiúil a bhaint amach agus iad ag cur seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil do thuismitheoirí agus leanaí an cheantair."

Stiúrthóirí naíonraí FNT ar bronnadh teastais TEG orthu i nGaillimh i 2013

Dátaí tábhachtacha TEG 2013/14

Clárúchán ar oscailt 1 Nollaig 2013

Spriocdháta clárúcháin TEG C1 9 Eanáir 2014

Scrúdú TEG C1 24 – 25 Eanáir 2014

Spriocdháta Clárúcháin Scoileanna 21 Feabhra 2014

Spriocdháta Clárúcháin TEG A1 – B2 14 Márta 2014

Scrúdú TEG B2 5 Aibreán 2014

Scrúdú B1 10 Bealtaine 2014

Scrúdú A2 24 Bealtaine 2014

Scrúdú TEG A1 7 Meitheamh 2014

Ionaid scrúdaithe TEG

Béal Feiriste · Caisleán an Bharraigh · Corcaigh · Gaoth Dobhair · Cill Chainnigh · Cill Áirne · Leitir Ceanainn · Luimneach · Má Nuad · Nua Eabhrac · Párás · Prág · An Spidéal

Ár bhfoghlaimeoirí

Má tá tú ag foghlaim na Gaeilge le cur le do CV, ar mhaithe le dúshlán a thabhairt duit féin, ar chúiseanna cultúrtha nó as grá don teanga, bí mar chuid de ghrúpa cainteoirí Gaeilge ag leibhéil éagsúla atá ag baint leasa as TEG chun do sprioc a bhaint amach.

Thug Sheila Scott, ollamh le teangacha ag an *Official Languages and Bilingualism Institute* in Ottawa, faoi scrúdú TEG den chéad uair anuraidh:

> "Mar fhoghlaimeoir Gaeilge i gCeanada, is é mo thaithí é gur beag deiseanna atá ann labhairt le cainteoirí líofa agus go mbíonn sé i gcónaí deacair a thomhas cén dul chun cinn atá á dhéanamh agam ó thaobh na cainte de. Cuireann scrúdú cainte TEG réimse gníomhaíochtaí struchtúrtha ar fáil atá réalaíoch agus spraíúil. Bhí mé an-sásta ar fad leis an toradh a fuair mé. Tá mé spreagtha anois le leanúint ar aghaidh ag obair ar mo chuid scileanna Gaeilge ionas go mbeidh mé réidh tabhairt faoin gcéad leibhéal eile an samhradh seo chugainn."

"Tá mé spreagtha anois le leanúint ar aghaidh ag obair ar mo chuid scileanna Gaeilge ionas go mbeidh mé réidh tabhairt faoin gcéad leibhéal eile an samhradh seo chugainn!"

Faigh eolas faoi leibhéil éagsúla TEG ar www.teg.ie.

Nua! Ullmhaigh do scrúdú TEG C1 in OÉ Má Nuad

Tá áthas ar Ollscoil na hÉireann, Má Nuad an chéad dianchúrsa TEG sa tír ag leibhéal C1 a fhógairt, curtha ar fáil de bharr éilimh. Cuirfidh an cúrsa dúshlánach seo ar chumas foghlaimeoirí cumarsáid a dhéanamh ag ardleibhéal trí mheán na Gaeilge i gcomhthéacsanna pearsanta agus gairmiúla.

Is cainteoir ó dhúchas í Ailish Bhreathnach as Conamara, atá ag obair mar theagascóir TEG C1 in Ionad na dTeangacha:

> “Tá an cúrsa seo foirfe do dhaoine atá ag iarraidh greim a fháil ar phointí casta na Gaeilge, go háirithe iad siúd atá ag obair trí mheán na Gaeilge cheana féin nó iad siúd a bhfuil leibhéal ard bainte amach acu sa teanga cheana féin. Tá an t-ábhar i leibhéal C1 dírithe ar chruinneas gramadaí agus ar réimse nathanna teanga le go mbeidh cainteoirí ábalta coincheapa casta a chur in iúl go cruinn agus go héifeachtach.”

“ Tá an t-ábhar i leibhéal C1 dírithe ar chruinneas gramadaí agus ar réimse nathanna teanga le go mbeidh cainteoirí ábalta coincheapa casta a chur in iúl go cruinn agus go héifeachtach.”

Is féidir le hiarrthóirí ag an leibhéal áirithe seo a fhaigheann páirtchreidiúint (scrúdú cainte amháin) an chuid eile den scrúdú a dhéanamh (léamhthuiscint, cluastuiscint agus scríbhneoireacht) laistigh de thréimhse dhá bhliain chun an teastas iomlán a bhaint amach.

Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le hIonad na dTeangacha nó seol ríomhphost chuig teanga@nuim.ie. Beidh an scrúdú TEG C1 ar siúl ar an 24 – 25 Eanáir 2014.

Cláraigh le haghaidh TEG C1 faoin 9 Eanáir 2014 ar www.teg.ie.

TEG le haghaidh daltaí dara leibhéal

Tá daltaí dara leibhéal sa tsraith shinsearach i scoileanna timpeall na tíre ag déanamh scrúduithe TEG gach bliain, ag fáil taithí ar scrúdú foirmiúil scríofa agus ar scrúdú cainte atá oiriúnach dá leibhéal, bunaithe ar chlár staidéir struchtúrtha, cumarsáideach. Is féidir le daltaí lánchreidiúint a fháil (scrúdú scríofa, cluastuiscint, léamhthuiscint agus cainte) nó páirtchreidiúint (scrúdú cainte amháin).

Cuirtear siollabais do gach leibhéal A1 – C1 ar fáil ar ár suíomh idirlín www.teg.ie chomh maith le scrúduithe samplacha agus ábhar teagaisc cuimsitheach, a thugann sprioc chinnte do dhaltaí agus do mhúinteoirí araon. Reáchtáiltear scrúduithe i mí an Aibreáin agus mí na Bealtaine gach bliain in ionaid TEG timpeall na tíre, nó i scoileanna na n-iarrthóirí, ag brath ar éileamh.

“De bharr go bhfuil 40% de na marcanna i scrúdú na hArdteistiméireachta ag dul don scrúdú cainte anois, is deis iontach í do na mic léinn díriú ar an ngné seo den teanga.”

Tá Joanne Ní Choileáin, múinteoir Gaeilge i gColáiste Íosagáin i mBaile Átha Cliath, ag úsáid TEG lena cuid daltaí Idirbhliana le ceithre bliana anuas:

> “Thosaíomar ag déanamh na scrúduithe le sprioc chinnte a thabhairt do na daltaí ag deireadh na bliana agus, chomh maith leis sin, toisc go bhfuil scrúdú cainte ar leith mar chuid den mheasúnú. De bharr go bhfuil 40% de na marcanna i scrúdú na hArdteistiméireachta ag dul don scrúdú cainte anois, is deis iontach í do na daltaí díriú ar an ngné seo den teanga. Anuas air sin, déantar na scileanna eile teanga a fhorbairt: léamhthuiscint, scríbhneoireacht agus cluastuiscint.
>
> Is cáilíocht í TEG a aithnítear go hidirnáisiúnta agus cuireann sin le stádas an teastais do dhaltaí agus dá dtuismitheoirí. Cabhraíonn sé le múinteoirí struchtúr foirmiúil d’obair na bliana a fhorbairt agus spreagann sé daltaí a bheith níos gníomhaí ina bhfoghlaim féin. Molaimid TEG go mór mar chlár nuálaíoch, dúshlánach, tairbheach.”

Múinteoirí, faigh tuilleadh eolais ar www.teg.ie